**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 268/2022**

**an 23 Meán Fómhair 2022**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/797]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú LEE’), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/716 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2022 maidir le Téitheoir Breosla Díosail Cliste a fhormheas lena úsáid i ngnáthinneall dócháin agus i ngluaisteáin paisinéirí hibrideacha leictreacha áirithe agus i bhfeithiclí tráchtála éadroma mar theicneolaíocht nuálach de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), arna cheartú le IO L 181, 7.7.2022, lch. 36 agus IO L 192, 21.7.2022, lch. 31, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 21azl (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/392 ón gCoimisiún) d’Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘21azm. **32022 D 0716**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/716 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2022 maidir le Téitheoir Breosla Díosail Cliste a fhormheas lena úsáid i ngnáthinneall dócháin agus i ngluaisteáin paisinéirí hibrideacha leictreacha áirithe agus i bhfeithiclí tráchtála éadroma mar theicneolaíocht nuálach de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 133, 10.5.2022, lch. 33), arna cheartú le IO L 181, 7.7.2022, lch. 36 agus IO L 192, 21.7.2022, lch. 31.’

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/716, arna cheartú le IO L 181, 7.7.2022, lch. 36 agus IO L 192, 21.7.2022, lch. 31, san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 133, 10.5.2022, lch. 33.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

Kristján Andri STEFÁNSSON